
# Féile na gCloigíní Gorma

Community, Solidarity, Wellbeing

## 2024



**10Ú - 18Ú BEALTAINE | 10TH - 18TH MAY**



*"Bhí Baile Uí Mhurchú go hiomlán imeallaithe agus fágtha ar lár mar cheantar. Bhí fadhbanna sóisialta ollmhóra aici agus rinne an chomhairle agus an stát neamhaird ar fad uirthi. Ag an phointe seo d'oibrigh mé féin agus Séamus Mac Seáin ar Bhaile Uí Mhurchú. Bhí muid go hiomlán dírithe ar an cheantar. An t-aon bhealach a thiocfadh linn cuidiú leis an phobal seo ná an féinmheas s'acu a athbheochan agus a léiriú dóibh go raibh siad in ann an áit a atógáil iad féin."*

*"Ballymurphy was totally marginalised and excluded as an area. It had massive social problems and was completely neglected by the council and the state. At this point myself and Séamus Mac Seáin were working on Ballymurphy. We were completely focused on it. The only way we could help these people was to bring back some of their self-respect and show them that they could rebuild the place themselves."*

**Seán Mac Goill** *(1933-2024)*

## FOCAL BROLLAIGH

Anois ar theacht na laethanta fada, oícheanta níos teo agus ceapacha corcra ar an Sliabh Dubh, tá a fhios againn go bhfuil an t-am sin den bhliain buailte linn: Féile na gCloigíní Gorma 2024. Tá an fhéile phobail uathúil san Uachtar Chluanaí ag bailiú nirt diaidh ar ndiaidh gach bliain leis na heochairfhocail Pobal, Dlúthpháirtíocht agus Folláine lárnach ann.

Bláthaíonn lear mór Cloigíní Gorma fiáine atá dúchasach de Pháirc Tua an tSléibhe Dhuibh achan Bhealtaine. Baineann muid úsáid as na cloigíní gorma mar shiombail le cur i gcuimhne do dhaoine faoi aoibhneas an tsaoil, a ndúlra nádúrtha agus an tábhacht a bhaineann le sláinte agus dlúthpháirtíocht phobail.

Chonaic muid réimse d'fhorbairtí san fhéile anuraidh. In ómós do lucht eagraithe de chuid an chéad fhéile sa cheantar in 1973, d'eagraigh coiste Fhéile na gCloigíní Gorma mórshiúil dhathúil leis na céadta duine ag siúl síos Bóthar na Carraige Báine mar chlabhsúr na féile. Dúirt eagraí pobail áitiúil ó Theach Chnoc an Fhoinse, Ciarán Cahill, gur fhág an Fhéile in 1973 an lóchrann ag glúin Fhéile na gCloigíní Gorma. Leanaimid misneach na gceannairí áitiúla agus na fathaigh sin a tháinig romhainn a d'eagraigh tograí féinchuidithe sa cheantar cosúil leis an fhéile in 1973.

Déanann Féile na gCloigíní Gorma 2024 cuimhne ar leith ar dhuine de na fathaigh phobail sin, Seán Mac Goill, atá imithe ar shlí na fírinne le déanaí. Gael ceannródaíoch agus ceannaire pobail a bhí lárnach i neart tograí claochlaitheacha ón bhun aníos sa cheantar bainte le comharchumannachas, athghiniúint phobail agus athshlánú na Gaeilge, ní bheidh a leithéid ann arís. Suaimhneas síoraí ort a Sheáin.

Is é seo an 8ú mbliain den fhéile a bhunaigh gníomhaithe áitiúla san Uachtar Chluanaí agus na ceantair máguaird in 2017 mar fhreagairt ar thréimhse gharbh na déine a d'fhág daoine sa cheantar in ísle brí, leis an sprioc chun muintir na háite a athnascadh leis an timpeallacht galánta thart orainn, i measc bealaí eile chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis an phobal.

Sna 8 lá den fhéile, beidh imeachtaí ar siúl do theaghlaigh agus do dhaoine de gach aois a bhfuil suim acu sa timpeallacht, an Ghaeilge, spórt, an tsláinte mheabhrach, stair, aclaíocht, ealaín, ceol, polaitíocht, cainteanna, scannánaíocht, drámaíocht agus go leor eile!

Tá muid an-sásta go seolfaidh an t-Ardmhéara Ryan Murphy an fhéile i nGael-Ionad Mhic Goill ar an 10ú Bealtaine agus beidh mórshiúl na féile ann arís i mbliana ar an 11ú sa cheantar le cur in iúl don chathair go bhfuil Féile na gCloigíní Gorma 2024 faoi lán seol!



Cuireann an fhéile béim ar athnascadh leis an timpeallacht ghalánta thart orainn agus an tábhacht leis an tsláinte mheabhrach a chur chun cinn. Chuige sin, beidh snámh breacadh an lae ag Cuan Helen, taiscéalaíocht ar an sliabh leis an Rewilding the Black Mountain Project, ceardlanna i nGairdín an Phobail, siúlóidí agus rití phobail, conair dhúlra na bpáistí, agus go leor eile.

Tá áthas orainn go mbeidh ár gcomrádaithe san fheachtas spreagúil Script Úr don tSláinte Mheabhrach ag óstáil síceolaí mór le rá Lucy Johnstone mar chuid den fhéile. Beidh ainmneacha móra le rá eile againn le linn na féile ach go háirithe iarbhainisteoir Bhaile Átha Cliath CLG Séamus Ó Gábháin a bhain 6 Chraobh Uile-Éireann idir 2012 agus 2019; chomh maith le haoi cáiliúil eile, David Keohan, a bheas ag tabhairt ceardlanna ar sheantraidisiún na hÉireann, tógáil chloiche, agus an géarghá chun an traidisiún seo a athghabháil.

Is ceisteanna díchoilínithe iad seo ar fad agus tá an Ghaeilge ag croílár na féile chomh maith. Tá lúcháir orainn go mbeidh seoladh leabhair le hEoghan 'Gino' Mac Cormaic, turas treoraithe ar an Sliabh Dubh trí Ghaeilge, lá spraoi le Leanaí Loch Lao, camchuairt reilige le Seán Fennell, lá teaghlaigh de chuid an togra Suí 's Scíth, ceardlanna ar stair na Gaeilge agus go leor eile chun athshlánú na Gaeilge a chur chun cinn!

Chun críoch a chuir leis an fhéile, seinmneoidh cuid de na ceoltóirí áitiúla is fearr sa chlub sóisialta The West ar Bhóthar na bhFál ar an Satharn 18ú Bealtaine. Thar ceann an choiste stiúrtha, ba mhaith linn fáilte mhór a chur roimh chách a bheith linn chun brí phobail, dlúthpháirtíochta, ceiliúrtha agus folláine a chothú agus a cheiliúradh!

**- Coiste Fhéile na gCloigíní Gorma 2024**

## FOREWORD

Now with the approach of longer days, warmer nights and purple stretches across the Black Mountain, we know it is that time of the year again: Féile na gCloigíní Gorma - The Bluebell Festival 2024. This unique community festival in the Upper Springfield is growing year after year under the watchwords of Community, Solidarity, and Wellbeing.

Each May the famous Black Mountain 'Hatchet Field' blooms and chimes with the glorious site of a sea of indigenous wild 'Bluebells' (Cloigíní Gorma). We use the symbol of the blooming 'Bluebells' to remind local people of the joys of life, their natural environment and our historical and spiritual connections with our environment and community.

We saw a range of developments in the festival last year. In homage to the organisers of the first festival in the area in 1973, the Féile na gCloigíní Gorma committee organised a colourful parade with hundreds of people walking down the Whiterock Road to conclude a wonderful 2023 festival. Local community organiser from Springhill Community House, Ciarán Cahill, said that the 1973 festival had passed the torch - which was the symbol of hope during that festival - on to the Féile na gCloigíní Gorma organisers. We continue to be inspired by the courage of those local leaders and visionaries who came before us and who organised self-help projects in the area like the festival in 1973.
This year's Féile na gCloigíní Gorma commemorates one of those community giants, Seán Mac Goill, who has sadly passed away recently. A pioneering Gael and community leader who was central to many community regeneration and grassroots projects in the area involving co-operatives, Irish language revival and more, we will never see his likes again. Suaimhneas síoraí ort a Sheáin.

This is the 8th year of the festival which was founded by local activists in the Upper Springfield and the surrounding areas in 2017 as a response to the harsh times of austerity and increased poverty that left people in low spirits, with the aim of reconnecting the local community with the beautiful environment around us, among other ways of showing solidarity with the community.
In the 8 days of the festival, there will be events for families and people of all ages who have an interest in the environment, Irish language, sports, mental health, history, exercise, art, music, politics, discussions, films, drama, and much more!
We are delighted that the Mayor of Belfast Ryan Murphy will launch the festival in Gael-Ionad Mhic Goill on the 10th May, and the festival parade will be back again this year on the 11th May in the area to let the city know that Féile na gCloigíní Gorma 2024 is in full swing!

The festival emphasises reconnecting people with the beautiful environment around us and promoting the benefits of this connection for our mental health. To that end, there will be a range of outdoor activities from sunrise swims at Helen's Bay, exploring the mountain with the Re-Wilding



the Black Mountain Project, workshops in the local Gairdín an Phobail, community runs, sunset walks on the beach, children's nature trails, and many more.

We are thrilled that our comrades in the inspiring campaign 'A New Script for Mental Health' will host the renowned psychologist Lucy Johnstone as part of the festival for a workshop on 'creating more hopeful narratives about emotional distress'. We will have other big names during the festival, especially Dublin GAA manager Jim Gavin who won 6 All-Ireland Championships between 2012 and 2019; as well as other famous personalities like David Keohan, who will give a practical workshop on the old Irish tradition of stone lifting on the Black Mountain followed by a Q&A focussed on the urgent need to revive this tradition. These are all questions of decolonisation and the Irish language is at the heart of the festival as well. We are delighted to announce an Irish language book launch with Eoghan 'Gino' Mac Cormaic, a walking tour of Black Mountain in Irish, family fundays with Laochra Loch Lao, a graveyard tour through Irish with Seán Fennell, a family day out with the Suí 's Scith project, workshops on the history of the Irish language, and much more to promote the revival of our native tongue!

To conclude the festival, some of the best local musicians will play the Festival Concert in The West Sports and Social Club on Saturday 18th May. On behalf of the organising committee, we would like to welcome everyone to join us in building and celebrating a sense of community, solidarity, celebration and well-being!

**- Coiste Fhéile na gCloigíní Gorma 2024**



12PM

## Seoladh Féile na gCloigíní Gorma | Launch of Bluebell Festival 2024

**Aoichainteoir | Guest Speaker :** Ardmhéara Ryan Murphy

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*Newhill: 02890236243*

*Glór na Móna: 02890234442*




6.30PM

## Ceardlann do thuismitheoirí & cúramóirí de dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais acu

*Workshop for parents & carers of young people with additional needs*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*padraigin@glornamona.com*



7PM

## Oíche Scannáin 'Keep the Faith and Spread It' & Painéal ar 'Corraíl agus Ceal' le Laurence McKeown, Jeanette Cohen-Keenan & Áine Fryers

*Film Night 'Keep the Faith and Spread It' and a Panel Discussion on 'Activism and Absence' with Laurence McKeown, Jeanette Cohen-Keenan & Áine Fryers*

**Cultúrlann McAdam Ó Fiach**

*RSVP required: martin@bayview.media*

## AN SATHARN 11Ú BEALTAINE | SATURDAY 11TH MAY

**6.30AM**

**BUS GO CUAN HELEN**

**Snámh bhreacadh an lae roghnach & Aclaíocht Cois Trá**

**BUS TO HELEN'S BAY**

**Optional sunrise swim & Fitness on the Beach**



**Cuirfear sólaistí ar fáil | Refreshments provided**

RSVP: *arleneblaney@usdt.co.uk / 0289236243*



**8.45AM ASSEMBLE | LEAVE AT 9AM**

### Mórshiúl na Féile

*Community Carnival Parade*

Ag tógáil ar an rath anuraidh, beidh Mórshiúl Fhéile na gCloigíní Gorma ann arís mar cheiliúradh ar an phobal áitiúl agus chun an Fhéile a chuir faoi lánseol!

*Building on the success of last year, the Bluebell parade will return again through the local area to celebrate the community and let everyone know the festival is back!*

**Buail ag Gael-Ionad Mhic Goill**
Meet at Gael-Ionad Mhic Goill Car Park (Glór na Móna)

*eoghan@glornamona.com*



**10AM**

### Comórtas Sacair

*CSP Soccer Tournament*

**Spórtlann na hÉireann**

*mickmcallister@usdt.co.uk*




**10AM**

### Comórtas CLG | GAA Tournament

**O'Donnells GAA**

*Joe@feilebelfast.com*



**1PM**

### Lá Teaglaigh le daoine óga le riachtanais breise

*Family activity day (families of young people with additional needs)*

*padraigin@glornamona.com*

*(Imeacht Druidte | Closed event)*



**3.30PM**

### 'Níl uainn ach an chré is an chruinne' le guthanna na hAmasóine

*'We only want the earth' - the struggle for life amongst communities in the Amazonian Rainforest*

Beidh Féile na gCloigíní Gorma ag óstáil toscaireacht de ghníomhaithe ó phobail thraidisiúnta agus dúchasach de chuid foraois bháistí na hAmasóine sa Bhrasaíl atá faoi bhagairt, díbeartha agus éillithe ag suimeanna mianadóireachta na Ríochta Aontaithe, an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh. Beidh ciorcal comhrá ann chun gréasáin dlúthpháirtíochta a thógáil agus scéalta de streachailt a roinnt. Fáilte roimh chách.

*Féile na gClóigíní Gorma will host a delegation of activists from the traditional and indigenous communities in Brazil's Amazon Rainforest who are affected, threatened, impacted, displaced and contaminated by Mining interests in the Amazon Basin. There will be a roundtable discussion to build solidarity networks and share stories of struggle. All welcome.*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*feargal@glornamona.com*

## AN DOMHNACH 12Ú BEALTAINE | SUNDAY 12TH MAY



11AM : CLÁRÚ | REGISTRATION AT CAULFIELDS BAR

12PM: TÚS | START

### Rith an Phobail agus Siúlóid Teaghlaigh

*Community Run and Family Walk*

**Droim Sléibhe Dubhaise** | Divis Mountain Ridge Trail

*niall@usdt.co.uk*



11AM

### Lá Teaghlaigh Leanaí Loch Lao

*Leanaí Loch Lao Family Fun Day*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*

*sorcha@fisanphobail.com*



8PM

### Agallamh le Jim Gavin ar 'CLG, Ceannasaíocht & Pobal'

*Interview with Jim Gavin: 'GAA, Leadership & Community'*

Is laoch mór le rá CLG Bhaile Átha Cliath sa pheil Ghaelach é Séamus Ó Gábháin. Bhain sé Craobh na hÉireann mar imreoir agus 6 cheann mar bhainisteoir le Baile Átha Cliath idir 2012 agus 2019, tréimhse stairiúil inar bhain an contae 5 Chraobh as éadan, chomh maith le Bainisteoir na Bliana le RTÉ in 2019. D'éirigh sé as mar bhainisteoir in 2019 agus ceapadh mar chathaoirleach é ar na mallaibh ar 'Football Review Group' de chuid an CLG. Bígí linn don chaint spreagúil s'aige ar 'CLG, Ceannasaíocht & Pobal'

*We are delighted that Dublin GAA legend Jim Gavin will join this year's Bluebell Festival. Jim won the All-Ireland as a football player and he won it six times as Dublin manager between 2012 and 2019, an historical period when the county won 5 All-Irelands in a row, and he also won RTÉ's manager of the year in 2019. He retired as Dublin coach in 2019 and he was recently appointed as Chairperson on the GAA's Football Review Group. Join us for his inspiring discussion on GAA, Leadership and Community!*

**Cultúrlann McAdam Ó Fiach**

*feargal@glornamona.com*




8AM

**Bricfeasta Saor 's Gaelach** | *Black Panther Community Breakfast Club*

**Barr na Carraige** | Top of Whiterock

*oifig@glornamona.com*




12PM

**Lá Teaghlaigh le Surestart**

*Surestart Workshop for Families*

**USDT**

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*



5.30PM - BUS

**Turas Iascaireachta Óige**

*Youth Fishing Trip*

**Buail ag USDT** | Meet at USDT

*mickmcallister@usdt.co.uk*

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*

## AN MHÁIRT 14Ú BEALTAINE | TUESDAY 14TH MAY



**10AM**

### Conair Dhúlra na bPáistí le Lón

*Children's Nature Discovery Trail and Lunch*

**Páirc na bhFál agus Cluain an Bhogaidh**
Falls Park and Bog Meadows

*Joe@feilebelfast.com*



**10AM**

### Turas ar Reilig na Cathrach le Lorraine Mills

*City Cemetery Tour with Lorraine Mills*

**Buail ag an phríomhgheata**
Meet at Bottom Gates

*arleneblaney@usdt.co.uk*



**11.30AM**

### Ealaíona agus Ceardaíocht Teaghlaigh le Sure Start

*Sure Start Family Arts & Crafts*

**Springfield Dam**

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*



**12.30PM**

### Lón Mór an Phobail

*Long Table Community Lunch*

**Cnoc Nua** | Newhill Centre

*arleneblaney@usdt.co.uk / 0289236243*



**6PM**

### Ceardlann faoin Spéir


*The Hills Are Alive with Aaron Kelly Blackmountain Re-Wilding Project*

**Buail ag Cnoc Nua** | Meet at Newhill

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*

**7.30PM**

### Seoladh Leabhair le hEoghan 'Gino' Mac Cormaic 'Gaeil agus Géibheann - cimí poblachtánacha agus an Ghaeilge'




*Book Launch with*

*Eoghan 'Gino' Mac Cormaic*

*in Irish*

Is gníomhaí teanga aitheanta é Gino Mac Cormaic a d'oibrigh mar leascheannasaí ar feadh i bhfad leis an eagraíocht Gaeilge náisiúnta Glór na nGael. Chaith sé tréimhse phríosúnachta saoil in sa Cheis Fhada, áit ar fhoghlaim sé an Ghaeilge. D'fhoilsigh sé cuntas cuimsitheach ar an tréimhse seo ina dhírbheathaisnéis 'Pluid - Scéal na mBlocanna H' in 2022. Beidh sé ag léamh ón leabhar is déanaí s'aige 'Gaeil agus Géibheann - cimí poblachtánacha agus an Ghaeilge'.

*Gino Mac Cormaic is a well-known language activist who worked as vice-president with the national Irish-language organization Glór na nGael. He was sentenced to life imprisonment in Long Kesh during the conflict, where he learned Irish. He published a comprehensive account of this period in his autobiography 'Pluid - Scéal na mBlocanna H' in 2022. He will be reading from his latest book 'Gaeil agus Géibheann - cimí poblachtánacha agus an Ghaeilge'. The event is in Irish only.*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*eoghan@glornamona.com*

AN CHÉADAOIN 15Ú BEALTAINE

WEDNESDAY 15TH MAY



9.30AM - 1PM

**CEARDLANN SCRIPT ÚR DON TSLÁINTE MHEABHRACH LEIS AN DR LUCY JOHNSTONE**

***WORKSHOP WITH DR LUCY JOHNSTONE IN PARTNERSHIP WITH THE NEW SCRIPT FOR MENTAL HEALTH CAMPAIGN.***


**'The Mental Health Crisis – What is really going on?**
*Creating More hopeful narratives about emotional distress'*

Is síceolaí cliniciúil comhairleach í an Dr Lucy Johnstone atá ag obair le cúrsaí sláinte mheabhrach le blianta anuas. Tá neart scríofa agus léachtaí déanta aici ar pheirspictíochtaí criticiúla i dteoiric agus cleachtadh shláinte mheabhrach. Is príomhúdar í ar 'Power Threat Meaning Framework' (2018), togra uaillmhianach agus cumhachtach ag cur múnlaí malartacha chun tosaigh seachas diagnóis shíciatrach.

*Dr Lucy Johnstone is a Consultant Clinical Psychologist and worked in Adult Mental Health for many years. She has written and lectured widely on critical perspectives in mental health theory and practice. She is a lead author of the 'Power Threat Meaning Framework' (2018), an ambitious and influential project outlining a conceptual alternative to psychiatric diagnosis.*

**Conway Mill**

*RSVP: sara@pprproject.org*




10AM

**Suí 's Scíth: Ag Tógáil Clainne le Gaeilge**

*Stay & Play: Raising Families Through Irish*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*sorcha@fisanphobail.com*



10AM

**Creachadóirí Reilige le Seán Fennell: Camchuairt ar Reilig na Cathrach**

*Graveyard Raiders with Seán Fennell: Tour of City Cemetery through Irish with local Irish students*

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*



6.30PM

**Siúlóid agus Snámh ag Luí na Gréine i gCuan Helen**

*Sunset Walk and Swim at Helen's Bay*

**Buail ag USDT** | Meet at USDT

*mickmcallister@usdt.co.uk*

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*

## AN DÉARDAOIN 16Ú BEALTAINE
## THURSDAY 16TH MAY



**9.30AM**

### Bricfeasta 's Plé ar an Ghaeilge le mná Chnoc Nua

*Breakfast and Talk on the Irish Language*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*arleneblaney@usdt.co.uk*

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*

**10.30AM**

### Caint ar Bhláthanna Fiáine

*Wildflower Talk by Rachel Brady Radcliffe*

**Cnoc Nua | Newhill Centre**

*arleneblaney@usdt.co.uk*



**11AM**

### Rang Aeróbaice Faoin Spéir

*Outdoor Armchair Aerobics*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*arleneblaney@usdt.co.uk*

**11AM**

### Seoladh Aipe

*Launch of Resilient West Belfast Wellbeing App with the West Belfast Partnership Board*

**Naomh Comgall | St Comgalls**

*terry@wbpb.org*

WEST BELFAST PARTNERSHIP
PÁIRTÍOCHT FEIRSTE THIAR




**12.30PM - 7.30PM**

### Seisiún do Dheonú Fola

*Blood Donation Session with the Blood Transfusion Service*

**Sólann na Carraige Báine** | Whiterock Leisure Centre

*Book an appointment: 08085 534653*



**6.30PM**

### Dráma na nÓg

*Drama and Youth Night*

***'Paint and Sip'***

**Cnoc Nua | Newhill Centre**

*(Imeacht Druidte Closed Event)*




**7PM**

### Clabhsúr Scríbhneoirí an tSléibhe

*Poetry Night and Conclusion to this term's Scríbhneoirí an tSléibhe Workshop*

**Gairdín an Phobail**

*eoghan@glornamona.com*



**10AM**

## Aoine na Todhchaí

*Fridays for Future*

**Gairdín an Phobail**

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*



**1PM**

## Gairdín an Dóchais


*Garden of Hope*

Bígí linn ag tógáil ceapacha bláthanna i ngairdín úr de chuid 'Suicide Awareness & Support Groups'

*Come along and help build and install flower beds and hedging at Suicide Awareness & Support Groups' New Garden*

**Barr Pháirc Chnoc an Foinse | Top of Springfield Park**

*tommyholland07@msn.com*




**6.30PM**

**SCANNÁN & PLÉ PAINÉAL | FILM & PANEL DISCUSSION**

## 'Stailc Chíosa 1970-73: Ag Athghabháil Stair Streachailt Thionóntaí na hÉireann'

*'Rent Strike 1970-73: Reclaiming the History of Irish Tenants' Struggle'*

**Raidió Fáilte**

*conal@catuireland.org*



**7PM**

## Siúlóid & Oíche Phíotsa na nÓg

*Youth Walk & Talk and Pizza Night*

**Gairdín an Phobail**

*(Imeacht Druidte | Closed Event)*



11AM - 1PM

### Siúlóid treoraithe ar Shliabh Dubh i gcomhar leis an Iontaobhas Náisiúnta

*Guided tour of Divis Mountain in conjunction with the National Trust*

Seo an chéad uair go mbeidh an turas seo ar fáil trí Ghaeilge ag eascairt ó pháirtnéireacht idir an Iontaobhas Náisiúnta, Conradh na Gaeilge agus Fís an Phobail. Tugtar léargas ar an 8,000 bliain ina raibh daoine ina gcónaí ar an sliabh. Fosta beidh 'tógáil chloiche nirt' ann le David Keohan le linn an turais. Cuirfear bus ar fáil ó Gael-Ionad Mhic Goill.

*This is the first time this tour will be delivered through Irish as part of a partnership between the National Trust, Conradh na Gaeilge and Fís an Phobail. The tour will cover 8,000 years of human habitation on the mountain and will also include stone-lifting with David Keohan.*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*Ciaran@fisanphobail.com*



1.30 - 3PM

### Agallamh le David Keohan ar 'Traidisiún Tógáil Chloiche in Éirinn'

*David Keohan Q&A 'The Stone-lifting Tradition in Ireland'*

Cosúil leis an Íoslainn, Albain agus Tír na mBascach, is seantraidisiún na hÉireann é tógáil chloiche, a chaill muid le linn tréimhse fhíochmhar choilíneachas na Breataine san 18ú agus 19ú haois. Bhí na 'cloch nirt' seo mar dhlúthchuid de shochaí na tíre ar feadh na gcianta. Le linn sochraidí, bainiseacha agus le ceiliúradh a dhéanamh ar na féilte ceilteacha. Tá fear cáiliúil David Keohan as Poirt Láirge, a bhfuil curiarracht dhomhanda bainte amach aige ag tógáil tromán cluasach, ag athghabháil an seantraidisiún Gaelach seo. Bígí linn don tógáil chloiche ar Shliabh Dubh agus agallamh le David!

*Like Iceland, Scotland and the Basque Country, stonelifting is an old tradition in Ireland which was lost during the intense period of British colonisation in the 18th and 19th centuries. These "cloch nirt" or stones of strength were a part of the social fabric of the nation for centuries. Lifted at funeral games, wedding ceremonies, harvest festivals , pattern days and at crossroads. To honour the changing of the seasons, the old Gods and the new. For social status, as rites of passage to adulthood and as legendary feats of strength. The well-known kettlebell sport world champion David Keohan has set out to revive this Irish tradition. Join us for a stonelifting workshop and interview with David!*

**Gael-Ionad Mhic Goill**

*ciaran@fisanphobail.com*




8PM

### Ceolchoirm na Féile le cuid de na ceoltóirí áitiúla is fearr: *Niamh Nic Ionnrachtaigh & Brendy Kerr, Sinéad McKenna & Cairde, Acoustic Dan Gregory, The Falls, agus DJ*

*Festival Concert with some of the best local musicians: Niamh Nic Ionnrachtaigh & Brendy Kerr, Sinéad McKenna & Friends, Acoustic Dan Gregory, The Falls, and DJ*

**The West Sport and Social Club, Falls Road**

*eoghan@glornamona.com*

Féile na gCloigíní Gorma

Community, Solidarity, Wellbeing

**2024**


Department for Communities

ea Education Authority

Foras na Gaeilge

Ciste Spreagtha

Ciste Pobail Community Fund

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Communities in Transition